**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Ghnóthaí Bunreachtúla*

**2022/2048(INI)**

10.11.2022

# TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

maidir le cur chun feidhme an chomhbheartais eachtraigh agus slándála - tuarascáil bhliantúil 2022
(2022/2048(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Victor Negrescu

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Bunreachtúla ar an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

– ag féachaint do chonclúidí na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa an 9 Bealtaine 2022 agus, go háirithe, do thograí 21, 23 agus 24 de,

– ag féachaint do rún uaithi an 9 Meitheamh 2022 maidir leis an iarraidh ar Choinbhinsiún chun na Conarthaí a athbhreithniú1,

A. de bhrí gur cheart Airteagail 2 agus 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus na luachanna, noirm agus prionsabail ar a bhfuil an tAontas fothaithe a bheith ina bpríomhthagairt d'inneachar agus d'iompar ghnóthaí eachtracha AE;

B. de bhrí gur cheart don Aontas leanúint de bheith ag gníomhú chun idirphlé a chur chun cinn agus chun síocháin agus ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a ráthú trí iltaobhachas a neartú agus trí ghné láidir dhaonlathach agus pharlaiminteach dá ghníomhaíocht sheachtrach a fhorbairt tuilleadh; de bhrí go bhfuil neartú na slándála idirnáisiúnta, cur chun cinn an chomhair idirnáisiúnta le tríú tíortha agus an daonlathas agus an smacht reachta a chur chun cinn agus a chomhdhlúthú, chomh maith le hurraim do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha, fós ina bpríomhchuspóirí de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais;

C. de bhrí nach mór do AE feabhas a chur ar a chumas cinntí tapa agus éifeachtacha a dhéanamh, go háirithe faoin gcomhbheartas eachtrach agus slándála (CBES), chun labhairt d'aon ghuth agus chun gníomhú mar ghníomhaí fíordhomhanda agus é ag freagairt ar ghéarchéimeanna;

D. de bhrí go bhfuil timpeallacht na slándála san Eoraip athraithe ó bhonn ag cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, cogadh neamhdhleathach gan chúis gan údar, lena n-áirítear trí éagobhsaíocht mhéadaitheach i gComharsanacht AE; de bhrí go gcuireann an réaltacht nua sin béim ar an ngá práinneach atá le tosaíocht a thabhairt d'éifeachtacht bheartas eachtrach agus slándála AE trí mhéadú ar a chumas gníomhú chun ár luachanna agus ár leasanna a chosaint;

E. de bhrí gur cheart saincheisteanna a chinntear d'aon toil faoi láthair a chinneadh níos minice de réir a chéile trí thromlach cáilithe faoi CBES, lena n-áirítear cinntí ar chearta an duine agus smachtbhannaí;

1. á mheas gur cheart Airteagal 21(2) CAE a mhodhnú chun na coincheapa 'ceannas straitéiseach' agus 'uathriail straitéiseach' a áireamh ar liosta chuspóirí CBES, ionas go mbeidh AE ina ghníomhaí éifeachtach taidhleoireachta agus slándála trína bheartas eachtrach agus slándála féin a chur i bhfeidhm bunaithe ar ghníomhaíocht láidir trí bhearta, beartais, buiséid agus gealltanais nithiúla;

[1] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0244.

2. ag tathant ar na Ballstáit cur i bhfeidhm docht Airteagal 31 CAE a shaothrú, lena gceadaítear, inter alia, don Chomhairle cinntí áirithe a dhéanamh trí thromlach cáilithe in ábhair CBES nach bhfuil impleachtaí míleata acu, go háirithe iad siúd a bhaineann le smachtbhannaí agus cearta an duine, agus, i gcás Airteagal 42(7) CAE, trí bhogadh go vótáil trí thromlach cáilithe treisithe; á iarraidh ar na Ballstáit lánúsáid a bhaint as an gclásal passerelle atá in Airteagal 31(3) CAE gan a thuilleadh moille, go háirithe i réimsí tosaíochta;

3. ag tathant ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún ról Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (VP/HR) a neartú; á chur i bhfios gur féidir é sin a bhaint amach trí athrú ar an gConradh lena n-ainmneofaí an Leas-Uachtarán/Ardionadaí mar aire gnóthaí eachtracha de chuid an Aontais, go ndéanfaí príomhionadaí seachtrach an Aontais i bhfóraim idirnáisiúnta díobh agus go gceadófaí dóibh a bheith i láthair ex-officio i bhformáidí caibidlíochta arna dtionscnamh nó arna stiúradh ag na Ballstáit; ag tacú leis an iarraidh ó shaoránaigh an Aontais sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa inar chuir siad in iúl gur mian leo go labhródh AE d'aon ghuth;

4. á chur in iúl gur oth léi castacht ionadaíocht sheachtrach AE agus á chur i bhfios go láidir go mbaineann róil agus gníomhaíochtaí forluiteacha an bonn ó inchreidteacht AE mar ghníomhaí domhanda; ag tacú, i ndáil leis an méid sin, le dúbláil agus mearbhall i mbeartas eachtrach AE a sheachaint; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról lárnach ag toscaireachtaí AE maidir le CBES a sheoladh, lena ndéantar ionadaíocht ar luachanna agus prionsabail AE thar lear agus maidir le comhlíonadh leasanna AE a lorg, lena n-áirítear trí mhaoirseacht neartaithe na Parlaiminte; i ndáil leis an méid sin, á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé go gcuirfí na hacmhainní agus na cumais is gá agus is iomchuí ar fáil do thoscaireachtaí an Aontais chun a sainorduithe a chur i gcrích go héifeachtach;

5. á chur i bhfios go láidir gur gá soiléiriú a dhéanamh ar róil faoi seach Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh agus Leas-Uachtaráin/Ardionadaí, agus a gcur chuige laistigh de CBES a chuíchóiriú; á mheabhrú go dtugann forálacha an Chonartha iompar CBES don Leas-Uachtaráin/Ardionadaí;

6. á iarraidh ar chinnteoirí uile AE dlús a chur lena n-iarrachtaí chun bréagaisnéis eachtrach, iarrachtaí trasnaíochta agus bagairtí hibrideacha a chomhrac, rud a bhaineann an bonn ó chumas an Aontais a bheartais inmheánacha agus eachtracha a fhorbairt agus a chur chun feidhme go héifeachtach; á mheas gur gá raon feidhme na mbagairtí a shainítear sa chlásal cosanta frithpháirtí a shonraítear in Airteagal 42(7) CAE a leathnú chun bagairtí hibrideacha, feachtais bhréagaisnéise agus comhéigean eacnamaíoch tríú tíortha a áireamh;

7. á áitiú go bhfuil ceart chun faisnéise ag an bParlaimint faoi Airteagal 36 CAE in ábhair CBES; ag tabhairt aird ar bhreithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le Comhaontú Oileán Mhuirís2 agus Comhaontú na Tansáine3, ar dá réir atá sé

[2] Breithiúnas an 24 Meitheamh 2014, *Parlaimint na hEorpa v Comhairle an Aontais Eorpaigh*, C-658/11, EU:C:2014:2025.
[3] Breithiúnas an 14 Meitheamh 2016, Parlaimint na hEorpa v Comhairle an Aontais Eorpaigh, C-263/14, EU:C:2016:435.

ríthábhachtach faisnéis a sholáthar go tráthúil agus go cuimsitheach don Pharlaimint chun go mbeidh sí in ann a ról grinnscrúdaithe daonlathach/comhairleach a chomhlíonadh i gcúrsaí CBES;

8. á mheabhrú a thábhachtaí atá thaidhleoireacht pharlaiminteach a fheabhsú mar uirlis beartais eachtraigh;

9. á athdhearbhú, go háirithe sa chomhthéacs reatha, go bhfuil sí tiomanta go láidir do chomhpháirtíocht an Aontais le hEagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh, atá fós bunriachtanach do shlándáil na hEorpa; á iarraidh go ndéanfaí comhar níos comhtháite a fhorbairt i réimse an bheartais eachtraigh agus slándála le comhghuaillíochtaí seachtracha amhail Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh agus comhghuaillithe agus comhpháirtithe daonlathacha seachtracha atá ar aon intinn, sa limistéar Eora-Atlantach, sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach agus, ar bhonn níos ginearálta, sa Domhan Theas, agus ar leibhéal na Náisiún Aontaithe, d'fhonn idirphlé, síocháin agus ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chur chun cinn; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá comhar le tíortha is iarrthóirí AE agus le tíortha is iarrthóirí ionchasacha i ngnóthaí eachtracha; á athdhearbhú go dtacaíonn sí le hailíniú beartais CBES le linn chaibidlíocht aontachais AE;

10. á chur in iúl gur geal léi an Comhphobal Polaitiúil Eorpach mar fhormáid neamhfhoirmiúil nua don idirphlé agus don chomhar; á chur in iúl go bhfuil sí suite de go bhfuil fís láidir agus comhstraitéis ag teastáil ó AE chun a aontacht agus a chumas cinnteoireachta a chomhdhlúthú chun ullmhú do thuilleadh méadaithe; á mheas nár cheart go mbeadh aon tionscadal idirghníomhaíochta le comharsana Eorpacha ina rogha mhalartach ar phróiseas leanúnach na gcaibidlíochtaí maidir le haontachas leis an Aontas; á mheabhrú, mar sin féin, a thábhachtaí atá eagraíochtaí Eorpacha amhail Comhairle na hEorpa agus an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip, agus á iarraidh ar institiúidí AE a ngníomhaíochtaí a chomhordú ar bhealach níos fearr leis na heagraíochtaí faoi seach;

11. ag tabhairt dá haire go bhfuil an Pharlaimint rannpháirteach go gníomhach in CBES trína hionstraimí ar leith; á chur i bhfios go láidir go bhfuil tábhacht agus cineál uathúil ag baint le cláir dhaonlathaithe na Parlaiminte, amhail 'Idirphlé Jean Monnet', atá dírithe ar obair na bparlaimintí a chothú agus a neartú; á mheabhrú gur cheart d'institiúidí uile AE páirt a ghlacadh agus oibriú le chéile i ngníomhaíochtaí a bhfuil sé d'aidhm acu gníomhú in aghaidh cúlú domhanda an daonlathais, lena n-áirítear trí bhreathnóireacht toghcháin, idirghabháil agus gníomhaíochtaí idirphlé, coinbhleachtaí a chosc, dámhachtain agus líonra Dhuais Sakharov, agus taidhleoireacht pharlaiminteach;

12. á chreidiúint nach mór do AE a chumas smachtbhannaí a fhorchur ar Stáit, rialtais, eintitis, grúpaí nó eagraíochtaí, chomh maith le daoine aonair, nach gcomhlíonann a bhunphrionsabail, a chomhaontuithe agus a dhlíthe a athchóiriú agus a neartú;

13. á chur i bhfáth gur gá don Aontas infheictheacht a CBES a mhéadú trí chumarsáid níos fearr agus níos straitéisí maidir lena chuid gníomhaíochtaí seachtracha i leith a shaoránach féin agus i leith shaoránaigh tríú tíortha.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 8.11.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 17<br>–: 5<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Gerolf Annemans, Gabriele Bischoff, Damian Boeselager, Salvatore De Meo, Pascal Durand, Charles Goerens, Sandro Gozi, Brice Hortefeux, Laura Huhtasaari, Victor Negrescu, Giuliano Pisapia, Paulo Rangel, Antonio Maria Rinaldi, Domènec Ruiz Devesa, Jacek Saryusz-Wolski, Helmut Scholz |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Cyrus Engerer, Maite Pagazaurtundúa |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pablo Arias Echeverría, Sunčana Glavak, Niclas Herbst, Leszek Miller, Iuliu Winkler |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 17 | + |
|---|---|
| PPE | Pablo Arias Echeverría, Salvatore De Meo, Niclas Herbst, Brice Hortefeux, Iuliu Winkler |
| RENEW | Pascal Durand, Charles Goerens, Sandro Gozi, Maite Pagazaurtundúa |
| S&D | Gabriele Bischoff, Cyrus Engerer, Leszek Miller, Victor Negrescu, Giuliano Pisapia, Domènec Ruiz Devesa |
| THE LEFT | Helmut Scholz |
| VERTS/ALE | Damian Boeselager |

| 5 | - |
|---|---|
| ECR | Jacek Saryusz Wolski |
| ID | Gerolf Annemans, Laura Huhtasaari |
| PPE | Sunčana Glavak, Paulo Rangel |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ID | Antonio Maria Rinaldi |

| | Ceartúcháin ar vótaí agus intinní vótála |
|---|---|
| + | Sunčana Glavak, Paulo Rangel |
| - | |
| 0 | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh: